



Coimisiún
na Meán

Oifigeach Feidhmiúcháin, Eispéireas Úsáideoirí

Grád Oifigigh Feidhmiúcháin

An Rannóg Cumarsáide & Tacaíochta Úsáideoirí

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Samhain 2025

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as do spéis a léiriú i ról an Oifigigh Feidhmiúcháin, Eispéireas Úsáideoirí.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú don Oifigeach Feidhmiúcháin, Eispéireas Úsáideoirí. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuirfidh sé lenár sprioc[anna] a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Tá ról lárnach ag an Oifigeach Feidhmiúcháin, Eispéireas Úsáideoirí, maidir le tacú le hoibriú éifeachtach agus éifeachtúil na foirne Eispéireis Úsáideoirí tríd an gcóras CRM a bhainistiú go laethúil i gcomhréir le próisis bhunaithe, ag cinntiú cruinneas sonraí agus sreabhadh oibre réidh thar gach gníomhaíocht tacaíochta úsáideoirí. Áirítear leis an ról maoirseacht a dhéanamh ar bhoscaí isteach comhroinnte, ceisteanna a chur in ord tosaíochta, agus treoir shoiléir a sholáthar do ghníomhairí seachfhoinsithe chun freagraí comhsheasmhacha ardchaighdeán úsáideoirí a chinntiú. Is éard atá i gceist leis an mbonn eolais a choinneáil agus a fheabhsú trí ailt, teimpléid, sreafaí oibre agus ábhair thagartha inmheánacha a nuashonrú chun riachtanais agus léargais athraitheacha a léiriú. Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn chun cabhrú le feabhsuithe agus cinnteoireacht a threorú, agus ag an am céanna rannchuidiú le hullmhú tuarascálacha agus cur i láthair a chuireann príomhléargais in iúl agus ag an am céanna dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara inmheánacha chun faisnéis a bhailiú le haghaidh freagraí cruin.

Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Déanann an fhoireann Eispéireas Úsáideoirí bainistiú ar Ionad Teagmhála Choimisiúin na Meán agus ar gach ceist a thagann isteach ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara. Bíonn raon cheisteanna i gceist le saincheisteanna atá ag teacht isteach, lena n-áirítear ceisteanna craolacháin, ceisteanna faoi sheirbhísí digiteacha agus ceisteanna ginearálta. Cinntíonn an fhoireann go dtugtar aghaidh ar cheisteanna go pras agus go héifeachtúil, agus go n-oibreoidh siad chun cabhrú le hoideachas úsáideoirí agus feasacht an phobail ar ról Choimisiúin na Meán. Cuireann an fhoireann seo gearáin chuig na foirne gearáin ábhartha laistigh de Choimisiún na Meán de réir mar is gá.

Suíonn an fhoireann Eispéireis Úsáideoirí laistigh dár rannóg Cumarsáide & Tacaíochta Úsáideoirí, chomh maith le hOideachas Úsáideoirí & Litearthacht agus Cumarsáid na Meán.

Príomhfhreagrachtaí

- Tacú le gníomhaíocht laethúil na foirne Eispéireis Úsáideoirí.
- Bainistigh na boscaí isteach ríomhphoist ó ghníomhairí an tsoláthraí seirbhíse seachfhoinsithe a dteastaíonn ionchur uathu i bhfoirm treorach, tacaíochta agus comhairle maidir le conas freagra a thabhairt ar cheist.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí (ar lean)

- Faisnéis a sholáthar chun tacú leis na gníomhairí trí fhreagra a thabhairt ar ríomhphoist sa bhosca isteach, ag léiriú na sonraí sna hailt eolais, teimpléid a fhorbairt nuair is infheidhme, próisis agus nósanna imeachta a nuashonrú chun an tairiscint seirbhíse a fheabhsú.
- Treochtaí agus saincheisteanna tomhaltóirí a eascraíonn as gach teagmháil a aithint agus cur i láthair pointí cumhachta a tháirgeadh le haghaidh cruinnithe inmheánacha agus soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe araon.
- Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara inmheánacha nuair is gá chun faisnéis chothrom le dáta a fháil chun tabhairt faoi fhreagra.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Eolas oibriúcháin ar thimpeallachtaí ionaid teagmhála, le taithí dhá bhliain ar a laghad ag obair in eagraíocht a bhíonn ag déileáil le custaiméirí.
- Scileanna láidre cumarsáide scríofa agus briathartha, leis an gcumas ceisteanna casta a chuimriú ina bhfreagraí cuimsitheacha soiléire ar cheisteanna sna meáin scríofa agus briathartha araon.
- An cumas scileanna agus tionscnamh a chur i bhfeidhm chun cur le feabhsú leanúnach ar phróisis agus nósanna imeachta, ar ailt eolais agus ar theimpléid.

Critéir Inmhianaithe

- Taithí ar oibriú san earnáil phoiblí nó thar ceann na hearnála poiblí mar chuid d'fhoireann seachfhoinsithe, ag déileáil le saincheisteanna a éilíonn eolas ar reachtaíocht a bhaineann le tomhaltóirí.
- Úsáideoir inniúil sraith oifige Microsoft go háirithe Word, Excel, Teams, Outlook and Dynamics (CRM).



Critéir Inmhianaithe (ar lean)

- Tuarascálacha agus cur i láthair a ullmhú ag úsáid sonraí atá ar fáil ó CRM agus ó fhoinsí eile.
- Cumas comhoibriú ar fud na bpáirtithe leasmhara inmheánacha iolracha chun an tairiscint seirbhíse agus freagraí ar cheisteanna custaiméirí a fheabhsú.
- Cáilíocht tríú leibhéal i ngnó, margaíocht nó cumarsáid nó disciplín ábhartha eile, nó taithí phraiticiúil choibhéiseach.

Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine.
- Saoire Bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana.
- Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ar ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar.
- Tá an post seo grádaithe ag an scála Oifigigh [Feidhmiúcháin](#).
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas



Príomhfhaisnéis - ar lean

Ní bhreithneofar ar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Má tá ceisteanna agat a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@sigmar.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

Bainistíocht Daoine

Anailís agus cinnteoireacht

Torthaí a Sheachadadh

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírithe ar
dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 3pm, 18 Samhain 2025



Investors in
Diversity

BRONZE

